

Tacú le leanaí dátheangachas a bhaint amach

Naisc le **hAistear** agus le **Síolta Aistear**

Téamaí: *Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid a Dhéanamh, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*
Treoirlínte don Dea-Chleachtas: *Foghlaim agus forbairt trí idirghníomhaíochtaí (lgh. 27-51)*

Caighdeáin Síolta

1: *Ceartha an Linbh, C1.1, 1.2, 1.3*

5: *Idirghníomhaíochtaí, C5.1, 5.2, 5.3, 5.4, 5.5*

Achoimrí Taighde nasctha leis na *Caighdeáin thuas*

Oibríonn cleachtóirí luath-óige le leanaí a thagann ó réimse leathan cúlraí teaghlaigh, cultúir, agus teanga. I gcás roinnt leanaí, tagann siad i dteagmháil leis an mBéarla den chéad uair nuair a thosaíonn siad sa suíomh luath-óige. Is féidir le cleachtóirí an chaoi a gcothaíonn siad caidreamh agus a gcuireann siad leis a cheapadh chun cabhrú le leanaí teanga a fhoghlaim agus iad a fhorbairt ina bhfoghlaimoírí gníomhacha.

Bíonn gá le saineolas agus le scileanna áirithe le tacú le leanaí agus le tuismitheoirí atá ag foghlaim an Bhéarla mar dhara teanga. D'fhéadfadh sé go gcabhródh an leidbhileog seo le cleachtóirí tuiscint a fháil ar riachtanais leanaí a bhíonn ag foghlaim an dara teanga agus comhairle a chur ar thuismitheoirí agus iad ag tacú leis an leanbh dátheangachas nó ilteangachas a bhaint amach.

Ciallaíonn an dátheangachas a bheith in ann dhá teanga a úsáid, mar shampla, Béarla agus Francis.

Is éard atá san ilteangachas a bheith in ann níos mó ná dhá theanga a úsáid, mar shampla, Béarla, Francis, agus Gaeilge.

Dátheangachas a bhaint amach

Ní mór do leanaí cur amach maith a bheith acu ar chéad teanga (.i. an teanga a labhraítear sa bhaile) le dara teanga a fhorbairt, ar nós an Bhéarla. De bharr nach mar a chéile aon bheirt leanaí dátheangacha / ilteangacha, is cóir do chleachtóirí oiread agus is féidir leo a fhoghlaim faoi theanga baile leanaí d'fhonn caidreamh níos fearr a bheith acu leo agus a bhforbairt teanga a chothú.

Nuair a fhreastalaíonn leanaí ar shuíomh luath-óige agus **a theagmhaíonn siad leis an mBéarla den chéad uair, is iondúil go mbíonn siad 'ciúin' ar feadh tréimhse, rud a d'fhéadfadh maireachtáil roinnt míonna..** Le linn na tréimhse sin, beidh na leanaí ag foghlaim conas an Béarla a thuiscint agus leanfaidh siad orthu ag idirghníomhú agus ag súgradh ina gcéad teanga. De réir mar a thosóidh leanaí ag labhairt i mBéarla, is iondúil go n-úsáidfídh siad meascán dá gcéad teanga agus den Bhéarla. Tógann sé suas le **dhá bhliain sula bhféadfadh leanaí comhrá a bheith acu sa dara teanga**, go hiondúil agus suas le **cúig bliana sula mbeidh siad iomlán líofa.**

ASK KATE FOR HELP WITH PRONUNCIATION

Hi	Cześć	Cheshch
Thanks	Dziękuję	JEN kee
Yes	Tak	t-ah-k
No	Nie	Nee-eh
Toilet	toaleta	toaleta
Food	jedzenie	Yed-zen-yah
Drink	napój	Nah-poi
Sleep /bed	sen	Sen-ah

Céard is féidir leatsa a dhéanamh?

Seo roinnt leideanna praiticiúla le cabhrú leat tacú le leanaí atá ag foghlaim Béarla mar dhara teanga nó mar theanga bhreise.

- **Comhairligh do thuismitheoirí** labhairt lena leanaí ina **dteanga baile** (.i. cibé teanga is réidhe acu a labhairt sa bhaile).
- **Dearbhaigh do thuismitheoirí** go bhfoghlaiméoidh a leanaí Béarla (nó Gaeilge) i dtimpeallacht shuibhir an tsuímh ó thaobh teanga de trí chaidreamh, súgradh, an gnáthamh laethúil, amhráin, agus leabhair.
- Tabhair am do leanaí **socrú isteach** agus **cuir ar a gcompord iad**. Beidh sé níos éasca do na leanaí siúd atá muiníneach agus ar a gcompord sa suíomh an teanga a fhoghlaim.
- Spreag leanaí chun **a dteanga baile** a labhairt nó chun meascán a dhéanamh den dá teanga.
- Éirigh cleachta le **roinnt focail choitianta i dteanga baile an linbh** a fhéadfaidh tú a úsáid sa suíomh le cabhrú leo riachtanais a chur in iúl, mar shampla, nuair is mian leo dul chuig an leithreas nó ionas go dtuigfidh tú nuair a bhíonn siad ag labhairt faoina máthair nó faoina n-athair.
- Céard faoi **chomharthaí a chur suas** sa suíomh i dteanga baile an linbh, mar shampla, leithreas, limistéar gainimh, cúinne baile.

Athraigh an chaoi a labhraíonn tú

- Labhair **go deas réidh** agus **go soiléir**.
- **Úsáid pictiúir**, amhail amchlár pictiúir, le míniú do na leanaí céard atá le tarlú.
- Úsáid **gothaí** agus **ábhair**, agus **dírigh do mhéar ar rudaí**, le cabhrú le tuiscint na leanaí. Spreag na leanaí chun an rud céanna a dhéanamh.
- Aithin **agus abair arís focail a bhíonn agat go minic**, mar shampla, *leithreas, lón, leabhar*, agus *baile*. Bíodh pictiúir agat de na rudaí sin agus cuir ar taispeáint ar leibhéal na leanaí iad le go bhféadfaidh siad méar a dhíriú orthu.
- Déan **tráchtanna gairide** ar na rudaí a bhfuil suim ag an leanbh iontu nó atá sé/sí a dhéanamh agus tabhair ainm orthu.
- Tabhair **am breise don leanbh freagairt duit** ós rud é go dtógfaidh sé tamall orthu smaoineamh ar ar mian leo a rá.



- **Freagair** láithreach **agus le léiriú suime** d'iarrachtaí an linbh chun cumarsáid a dhéanamh le focail nó gan iad.
- Déan cinnte **go n-éiríonn le leanaí i dtascanna nach bhfuil teanga ag teastáil ina leith**, amhail súgradh le bloic, míreanna mearaí a chur le chéile, sult a bhaint as súgradh fisiciúil, nó cabhrú leis na daoine fásta agus le leanaí eile.
- Spreag **piar-chaidreamh** agus **súgradh** de réir mar a fhoghlaimíonn leanaí ó na leanaí eile.
- Cabhraigh le leanaí **taitneamh a bhaint as leabhair agus as scéalta** – leag béim ar eochairfhocail, úsáid puipéid agus gluaiseachtaí, agus díriú do mhéar ar na pictiúir.

Léirigh meas ar theanga baile an linbh

- Iarr ar thuismitheoirí **cúpla focal** ina dteanga féin **a mhúineadh duit**. Bí cinnte go bhfuil tú in ann na focail a fhuaimniú mar is ceart.
- Faigh amach **cén chaoi ainm an linbh a rá i gceart**. Gné thábhachtach d'fhéiniúlacht leanaí is ea a n-ainm, a imríonn tionchar ar a bhfolláine agus ar a bhféinmheas. Ná giorraigh ainmneacha ach amháin má deir na thuismitheoirí gur mar sin a bhíonn sé acu sa bhaile.
- **Spreag thuismitheoirí le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí** le ceiliúradh a dhéanamh ar imeachtaí cultúrtha, breathnú ar bhia a dtíre baile, nó scéalta a léamh. D'fhéadfadh thuismitheoirí roinnt ábhar i scríbhinn a aistriú freisin, amhail comharthaíocht le haghaidh do shuímh.
- Bíodh **acmhainní oiriúnacha ó thaobh cultúir de** ar fáil i do sheomra, amhail uirlisí cistine, éadaí gléasadh suas, agus bábóga ó chultúir éagsúla nó cuir **taispeántas** le chéile d'fhocail agus de rudaí cultúrtha ó bhaile an linbh.
- Bíodh **leabhair i dteanga baile an linbh** ar fáil i do chúinne leabhar. D'fhéadfadh thuismitheoirí cabhrú



leat teacht ar a leithéid de leabhair nó roinnt a thabhairt isteach ón mbaile. Iarr orthu cabhrú leat leabhair dhátheangacha a léamh.

- Caith súil ar *An timpeallacht foghlama a chruthú agus a úsáid Uirlis Féinmheastóireachta* do leanaí idir *breith agus 3 bliana d'aois* nó do leanaí *idir 3 bliana agus 6 bliana d'aois* le tuilleadh smaointe a fháil faoi do thimpeallacht a chur in oiriúint chun tacú le leanaí atá ag foghlaim dara teanga.

Ábhair imní i dtaobh fhorbairt teanga an linbh

Gnáthphróiseas is ea foghlaim an Bhéarla mar dhara teanga agus ní chuirtear aon mhoill ar fhorbairt teanga an linbh dá bharr.

Bíodh sin mar atá, má bhíonn aon imní ort faoi leanbh atá ag éirí dátheangach, déan an imní sin a phlé leis na tuismitheoirí.

- Iarr ar dhaoine muinteartha, leanaí, nó daoine eile i do shuíomh ateangaireacht a dhéanamh chun faisnéis laethúil a roinnt idir tú féin agus tuismitheoir nach bhfuil Béarla aige/aici ó dhúchas. Smaoinigh ar sheirbhís ghairmiúil ateangaireachta a úsáid, más féidir, nuair a bhíonn ábhair íogaire nó imní faoin leanbh á bplé.
- Athbhreithnigh cumas éisteachta an linbh agus a d(h)ul chun cinn i réimsí eile – an bhfuil moill orthu sin chomh maith?
- Coinnigh súil ar an leanbh ar feadh tamaill, coinneigh taifead ar a d(h)ul chun cinn agus breac síos na húdair imní atá agat.
- Fiafraigh de na tuismitheoirí cén chaoi a n-éiríonn leis an leanbh ina t(h)eanga dhúchais.

Tuilleadh acmhainní

Seans gur mhaith leat an leidbhileog *Tacú le leanaí dátheangachas nó ilteangachas a bhaint amach - Comhairle do thuismitheoirí* a roinnt le tuismitheoirí agus le teaghlaigh.